Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/0321(NLE)

12.6.2025

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu
(05617/2025 – C10-0045/2025 – 2024/0321(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Nikola Bartůšek

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 7

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu
(05617/2025 – C10-0045/2025 – 2024/0321(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05617/2025),

– ag féachaint don Dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu (05618/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 88, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0045/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an gComhaontú seo bunaítear comhar idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle d'fhonn aistriú sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a cheadú eatarthu. Tá gá le socrú den sórt sin chun tacú agus treisiú le gníomhaíocht údaráis Bhallstáit an Aontais agus údaráis na Brasaíle cionta coiriúla, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht, a chosc agus a chomhrac. An tráth céanna, déantar foráil sa chomhaontú seo do choimircí iomchuí i ndáil le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus cosaint sonraí.

Tá tairbhí forleathana don dá pháirtí le baint as comhar i bhforfheidhmiú an dlí i réimsí na frithsceimhlitheoireachta, na coireachta eagraithe agus an éillithe a chosc agus a chomhrac, na gáinneála ar dhrugaí, na cibearchoireachta, an sciúrtha airgid, mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus na himirce neamhdhleathaí agus is chun leasa an Aontais Eorpaigh é. Tá an méadú ar an éileamh ar dhrugaí agus an méadú ar na bealaí gáinneála ar dhrugaí isteach san Aontas Eorpach ina mbagairt thromchúiseach ar ár slándáil. Dá bhrí sin, ba cheart do Europol a bheith in ann oibriú i ndlúthchomhar, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a mhalartú, le húdaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha, amhail an Bhrasaíl, chun na coireanna contúirteacha sin uile a chomhrac.

Ba cheart go dtabharfaí faoi deara freisin gur dheimhnigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ina thuairim go dtugtar ar aird leis an gcomhaontú coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

Tá an rapóirtéir den tuairim go gcuideoidh tabhairt i gcrích an chomhaontaithe seo le hEoraip níos sábháilte agus níos sláine a áirithiú dár saoránaigh. Moltar, dá bhrí sin, go dtabharfadh Parlaimint na hEorpa a toiliú do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
European Commission, Directorate-General for Migration and Home Affairs

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.